



Provided by the author(s) and NUI Galway in accordance with publisher policies. Please cite the published version when available.

Title	Logainmneacha na hÉireann III: Cluain i logainmneacha Co. Thiobraid Árann. Pádraig Ó Cearbhaill. Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath. 2010. xxiv + 250 lgh + Dlúthdhiosca
Author(s)	Ó hAisibéil, Liam
Publication Date	2013
Publication Information	Ó hAisibéil, Liam. (2013). Logainmneacha na hÉireann III: Cluain i logainmneacha Co. Thiobraid Árann. Pádraig Ó Cearbhaill. Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath. 2010. xxiv + 250 lgh + Dlúthdhiosca. In Liam Mac Mathúna (Ed.), <i>Éigse: A Journal of Irish Studies</i> (Vol. XXXVIII), 369-74.
Publisher	National University of Ireland
Link to publisher's version	http://www.nui.ie/eigse/
Item record	http://hdl.handle.net/10379/6759

Downloaded 2019-01-19T11:03:48Z

Some rights reserved. For more information, please see the item record link above.



Logainmneacha na hÉireann III: Cluain i logainmneacha Co. Thiobraid Árann. Pádraig Ó Cearbhaill. Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath. 2010. xxiv + 250 lgh + Dlúthdhiosca.

Is é seo an tríú leabhar ó pheann an údair atá bunaithe ar ghnéithe éagsúla de logainmneacha Cho. Thiobraid Árann¹ ina ndéantar plé ar ainmneacha bailte fearainn, agus paróistí, agus ar roinnt logainmneacha eile sa chontae sin. Chríochnaigh an t-údar tráchtas dochtúireachta² breis is deich mbliana ó shin ar na heilimintí *cell* agus *cluain* i logainmneacha an chontae chéanna. Is cuid den tsraith *Logainmneacha na hÉireann* an leabhar seo, atá eisithe ag an mBrainse Logainmneacha sa Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta. Is taighdeoir sinsearach é an t-údar sa Bhrainse Logainmneacha agus luaitear foireann agus iar-oifigigh an Bhrainse a bheith bainteach le hullmhú leabhar an léirmheasa seo. Staidéar cuimsitheach atá sa leabhar seo ar logainmneacha an chontae a bhfuil an eilimint **cluain** le fáil iontu, bíodh sé le fail mar **cluain**, **cluainín** nó mar logainm comhshuite dar críoch – **chluain**. Pléitear 92 logainm san iomlán i gCo. Thiobraid Árann ina bhfuil an eilimint **cluain** le fáil, idir ainmneacha bailte fearainn [81 logainm], paróistí [4]³ nó logainmneacha eile [7]. Ar ndóigh, tá **cluain** ina heilimint choitianta i measc logainmneacha na hÉireann [c.1850⁴ sampla], agus go háirithe i gCúige Chonnacht agus cois Sionainne áit a mbíonn sí ina mír thosaigh logainmníoch go hiondúil.

Tugtar léargas cuimsitheach dúinn i réamhrá an leabhair ar scóip an taighde féin, ar líon na n-eilimintí a áirítear sa staidéar, na cineálacha foinsí a úsáideadh, agus na deacrachtaí coitianta a bhaineann leis na foinsí seo. Tugtar leagan amach samplach dúinn den ghnáthiontráil a thugtar do gach ceann den 92 logainm atá i gcorp an tsaothair féin. Moltar

¹ viz. Ó Cearbhaill 2004, 2007, 2010

² viz. Ó Cearbhaill, 1999

³ Tá 6 paróiste sa chontae leis an eilimint **cluain** san ainm ach i gcás péire dóibh, is logainmneacha iad atá ina bparóistí chomh maith lena bheith ina mbailte fearainn.

⁴ v. Patrick O'Connor, *Atlas of Irish Place-names*, (Luimneach, 2000) lgh 52-3.

don léitheoir súil a chaitheamh ar Ó Cearbhaill, *Liostaí Logainmneacha: Co. Thiobraid Árann* (2004), agus ar Ó Cearbhaill, *Logainmneacha na hÉireann II: cill i logainmneacha Co. Thiobraid Árann* (2007), chun tuilleadh eolais a fháil ar stair an chontae agus chun ábhar breise a léamh ar na deacrachtaí agus na buntáistí a bhaineann le foirmeacha traslitríthe na logainmneacha a úsáid sa chineál seo taighde (lch 7). Ar ndóigh tá leagan amach an leabhair seo mar atá, a bheag ná a mhór, i leabhar 2007 faoin eilimint *cill* sa chontae. Gné éagsúil is ea é go bhfuil cuid bhreise ann faoi shanasáocht na heiliminte *cluain* í féin, forbairt atá le moladh. Is mór an cúnamh don léitheoir liosta na nod ginearálta (lch vii) a bheith chun tosaigh sa leabhar féin ach is cinnte go gcabhraíonn an réamhrá le léamh na nod agus na ngiorrúchán atá in úsáid go forleathan tríd an leabhar.

Tá cuntas breá sa réamhrá ar struchtúr agus brí na logainmneacha (8) a dhéanann cur síos ar chomhdhéanamh logainmneacha na hÉireann i gcoitinne. Tá sé léirithe, cheana féin, ag scoláirí aithnidiúla eile⁵ gur féidir úsáid a bhaint as an modh anailíse seo i scrúdú ar struchtúr na n-ainmneacha féin, ar mhaithe le dátú agus srathú aoise a dhéanamh ar logainmneacha na hÉireann. Luann an t-údar go bhfuil ceithre chineál struchtúr, nó comhdhéanamh éagsúil i gceist i logainmneacha a bhfuil an focal *cluain* iontu sa chontae: (a) ainmfhocal simplí: m.sh. *An Cluainín*; (b) comhfhocal: *Muc-chluain*; (c) frása ainm (ainmfhocal agus cáilitheoir á leanúint): (i) ainmfhocal + ainmfhocal cáilitheach sa ghinideach: *Cluain Fraoigh* (ii) ainmfhocal + alt + ainmfhocal sa ghinideach: *Cluain na nGaibhne*; (iii) ainmfhocal + aidiacht: *Cluain Loiscthe*; (iv) ainmfhocal + ainm pearsanta (Éireannach): *Cluain Mhurchaidh*; (v) ainmfhocal + ainm pobail: *Cluain Ó Míolchon*; (vi) ainmfhocal + sloinne nó ainm athartha Éireannach: *Cluain Uí Chionaoith*; (vii) ainmfhocal + sloinne Angla-Normannach: *Cluain an Bhreatnaigh*; (viii) ainmfhocal + ? : *Cluain Buach*;

⁵ viz. Flanagan (1980), Mac Giolla Easpaig (1981), Mac Gabhann (2005), Tempan (2008) agus Toner (1999)

agus ar deireadh (d) Ainmfhocal + ainmfhocal + eilimint eile: *Cluain Lis Bó*. Féach an tábla thíos do líon na samplaí den logainm i ngach aon aicme.

Catagóir	(a)	(b)	(c) i	(c) ii	(c) iii	(c) iv	(c) v	(c) vi	(c) vii	(c) viii	(d)
Líon an Logainm	8	7	26	6	13	11	1	6	1	8	2

Tá 3 logainm breise nár aicmíodh sa tábla thuas nach léir ón gcomhdhéanamh cé acu ainmfhocal, aidiacht, nó ainm pearsanta/pobail atá ann ó thaobh an cháilitheora atá leo. Is í an aicme is líonmhaire le *cluain* ná (c) (i) ainmfhocal + ainmfhocal cáilitheach a bhfuil 26 logainm as 92 logainm ann agus (c) (iii) ainmfhocal + aidiacht ar an dara haicme is líonmhaire. Tá líon an-bheag d'ainmneacha pearsanta [11] nasctha leis an eilimint *cluain*, le hais na heiliminte *cill* [57] (Ó Cearbhaill, *Logainmneacha na hÉireann II*). I measc an 92 logainm a scrúdaítear sa leabhar, pléitear cinn nach bhfuil ann a thuilleadh, *Cluain Caoi* (Ó Cearbhaill, *Logainmneacha na hÉireann III*, 83) agus *Cluain Leathan* (141), mar shampla, chomh maith leis an dá logainm stairiúla *Cluain Comair* (90) agus *Cluain Muc* (173) atá sainaitheanta le logainmneacha atá faoi chlóca an Bhéarla anois; *Mountphilips* agus *Solsborough* faoi seach. Ní dhéantar ainmneacha ina bhfeidhmíonn *cluain* mar cháilitheoir a chur san áireamh sa leabhar seo, mar shampla, *Baile na Cluana*, *Doire Chluana*, *Cill Chluaine*, *Lisín Cluainte* srl.

Tá sé leathanach déag (viii- xxiii) de noda agus de ghiorrúcháin na bhfoinsí ag tús an leabhair, rud a léiríonn raon leathan na bhfoinsí a úsáideadh agus an leabhar á chur le chéile. Rinneadh foinsí a bhaineann le gach aon chúige sa tír a chíoradh. Is ar mhaithe le crostagairt a sholáthar idir logainm i dTiobraid Árann agus logainm (nó logainmneacha) eile in Éirinn é seo. Is minic go dtarlaíonn sé i staidéar logainmneacha in Éirinn go mbíonn ganntanas fianaise ar bhailte fearainn i bhfoinsí Gaeilge. Tá de thoradh ar seo go gcaithfidh an taighdeoir foinsí eile a úsáid (ón 12ú go dtí an 17ú haois) chun foirmeacha traslitrithe a aimsiú. Admhaíonn an t-údar nach raibh ach líon beag de na logainmneacha le fáil i bhfoinsí

Gaeilge [12 logainm as 92] agus gur ‘mór... a bhíothas ag bráth ar fhoinsí Laidine, Béarla nó Francise sa staidéar seo’ (7). Doiciméid riaracháin atá sna foinsí sin den chuid is mó, doiciméid a dhíríonn ar chúrsaí dlí, idir thuata agus eaglasta. Tugann an t-údar cuid de na deacrachtaí a bhaineann le leaganacha traslitríthe na bhfoinsí le fios, mar shampla: *Cluain na nGaibhne* atá mar *Clonygeyney* in 1654 agus *Cluain Big* atá mar *Clonbyg* in c.1306 agus *Cloneveg* in 1607-8 .i. athruithe tosaigh (séimhiú agus urú) gan a bheith á léiriú go cinnte. Ní léir scaradh na bhfocal i gcónaí, m.sh *Cluain Each: Clonagh* in 1685. Fágtar amach gutaí deiridh neamhaiceanta m.sh *Cluain Meala: Clunmel* in 1221, srl. Luann an t-údar freisin foirmeacha áitiúla a bailíodh sna blianta 1963-4 (ó chainteoirí dúchais Gaeilge), 1989, 1991 agus 1993 (cainteoirí Béarla) agus is úsáideach an cur síos a dhéantar ar fhuaimniú áitiúil agus na siombail atá in úsáid sna hiontrálacha féin (5-6). Díol suntais ar leith, dar liom, na hiontrálacha seo a leanas ó thaobh cúrsaí fuaimnithe agus mínithe na dara heiliminte de: *Cluain an Bhreatnaigh, Cluain Breasail, Cluain Cliath, Cluain Ineasclainn, Cluain na mBanrach* agus *Cluain Cnaoid[h]each*.

Gné amháin den saothar nach miste a lua agus a mholadh ná an téacs agus na táblaí a dhíríonn ar shuíomh agus brí *cluain* (13-19). Tugtar léargas dúinn anseo ar an ngrinnstaidéar atá déanta ag an údar ar dháileadh na heiliminte *cluain* sa chontae agus sa tírdhreach máguaird. Rangaítear an eilimint de réir a suímh ar shé bhealach: in aice *Cill*; in aice eaglaise seachas *Cill* / suíomh eaglasta; in aice le portach / talamh fliuch; in aice le loch; cois abhann / srutháin; agus *cluain* in aice le coill. Tugaimse na príomhthorthaí sa tábla thíos:

An eilimint <i>cluain</i>	In aice <i>Cill</i>	Suíomh eag. luath €#	suíomh eaglasta eile	portach/ talamh fliuch	cois locha	cois abhann	cois coille
Líon na dtarluithe	23	9	11	43	7	64	8

Ceann de na torthaí is mó spéis, dar liom, is ea nach bhfuil ach deich n-áit as an iomlán (90 sa chás seo) nach bhfuil portach, talamh fliuch, loch ná sruthán in aice láimhe. Léiriú soiléir atá

anseo ar an ngnáth-thimpeallacht a mheastar a bheith ag an logainm *cluain* sa chontae. Tagann brí na heiliminte atá ag P.W. Joyce ‘a fertile piece of land, or a green arable spot, surrounded or nearly surrounded by bog or marsh on one side, and water on the other’ (17-18) leis an méid atá aitheanta ag Ó Cearbhaill i gcás logainmneacha ina mbíonn *cluain* i gceist sa chontae. An léiriú é seo ar thuiscint lucht chéadcheaptha an logainm ar an mbrí a bhain le *cluain* mar eilimint thopagrafach? Ní mór bheith ar an airdeall freisin go bhféadfadh toradh difriúil a bheith ar an gcineál anailíse seo i gceantar eile ina bhfuil *cluain* le fáil go flúirseach (m.sh. contaetha na Gaillimhe, Ros Comáin, Mhaigh Eo agus Shligigh).

Maidir le sanasaíocht na heiliminte *cluain*, tugtar cur síos tomhaiste ach faisnéiseach dúinn ar bhunús na heiliminte dar le Pokorny, Thurneysen, Padel srl. chomh maith le tuairimí an údair féin i dtaobh a céille, bunaithe ar a chuid oibre i gCo. Thiobraid Árann féin. Déantar focal gaolmhar na Breatnaise agus na Cornaise, *clun*, a lua leis an gciall ‘meadow, moor, break, brushwood’ (19). Tugann an t-údar samplaí, bunaithe ar fhianaise Co. Thiobraid Árann, go mór mór i leaganacha traslitrithe de logainmneacha ar féidir caomhnú nó easpa séimhithe sa leagan Béarlaithe a fheiceáil iontu, chomh maith le samplaí den ghinideach uatha baininsneach a bheith ar fáil.

Ar chuid de na píosaí is taitneamhaí sa leabhar seo, tá na haerfhótagraif iomadúla daite, an léarscáil dáileacháin (223) agus na táblaí a bhaineann le suíomh agus brí (13 – 19), chomh maith le roinnt den phlé a dhéantar ar logainmneacha áirithe m.sh *Cluain Orrtha*, *Cluain Mocóg*, *Lomchluain*, *Cluain Peata*. Gné eile a thaitin go mór liom ná go bhfuil dlúthdhiosca leis an leabhar agus cóip inchoardaithe den leabhar air, rud atá an-úsáideach agus cuardach tapa á dhéanamh agat d’eilimint áirithe.

Tá grinnscrúdú crua déanta ag an údar ar an 92 logainm a bhfuil *cluain* le fáil iontu agus ba chóir aitheantas a thabhairt do thábhacht an tsaothair ó thaobh modheolaíochta agus

modh anailíse de. Tugann an t-údar achoimre shnasta dúinn ar fhorbairtí agus ar bhunús na n-ainmneacha atá faoi thrácht, agus cuireann na léarscáileanna go mór leis na hiontrálacha. Léiríonn an cineál seo oibre cuid de na féidearthachtaí taighde eile atá romhainn, tar éis don Choimisiún Logainmneacha ceartfhoirmeacha Gaeilge a mholadh. Is garr go mbeifear in ann léarscáileanna náisiúnta dáileacháin d'eilimintí éagsúla a chruthú; líon, rogha agus sanasaíocht mheasta eiliminte ó cheantar amháin go ceantar eile a rianú agus léiriú as an nua a dhéanamh ar phróiseas Béarlaithe logainmneacha ar fud na tíre.

Deacracht amháin leis an saothar seo, cé nach rud mór é, is ea eagarthóireacht na léarscáileanna. Measaim gur cheart don léarscáil a bheith ar an leathanach céanna leis an gcur síos ar an ainm a léirítear ar an léarscáil (bíonn sí amhlaidh uaireanta agus ní bhíonn uaireanta eile), nó iad ar aghaidh a chéile thar dhá leathanach. Ós rud é nach mbíonn aon teidil ná teorainneacha ar na haerfhótagraif dhaite, ní mór duit dul anonn is anall ó leathanach go chéile, le teacht ar léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis agus le lánchiall a bhaint as na haerfhótagraif dhaite. B'fhéidir nár mhiste, ach oiread, achoimre ar phríomhthorthaí taighde an leabhair a sholáthar i mBéarla. Rud é seo a ligfeadh do dhaoine atá ag obair i réimse na hainmeolaíochta, go mór mór sa Bhreatain, dul i ngleic leis an méid atá ag teacht chun solais maidir le hanailís eilimintí faoi leith in Éirinn.

Tá an t-údar le moladh as a sciobtha is atá an leabhar seo foilsithe i ndiaidh an éacht oibre a rinneadh in Ó Cearbhaill, 2007. Cuireann a bhfuil ann go mór lenár dtuiscint ar an eilimint *cluain*, ní hamháin i gCo. Thiobraid Árann ach i logainmneacha na tíre i gcoitinne. Nára fada uainn an chéad leabhar eile sa tsraith.

TAGAIRTÍ

- Flanagan, Deirdre, 1980: 'Place-names in Early Irish documentation: structure and composition' *Nomina* 4, 41-4.
- Mac Gabhann, Fiachra, 2005: *Anailís ar Ainmneacha na mBailte Fearainn i mBarúntacht Bhuiríos Umhaill, agus ar Roinnt Ainmneacha Eile, in Iarthar Mhaigh Eo* (Tráchtas Ph.D., Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. 411-3.
- Mac Giolla Easpaig, Dónall, 1981: 'Noun + Noun Compounds in Irish Placenames' *Études Celtiques* 13, 151–163.
- O'Connor, Patrick, 2000: *Atlas of Irish Place-names*, Luimneach.
- Ó Cearbhaill, Pádraig, 1999: *Logainmneacha dar céad eilimint cell agus cluain i gCo. Thiobraid Árann agus i mbarúntachtaí Bhaile an Bhriotaigh, Chluain Leisc (Co. Uíbh Fhailí)*. Tráchtas Ph.D., An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.
- 2004: *Liostaí Logainmneacha: Co. Thiobraid Árann*. Baile Átha Cliath.
 - 2007: *Logainmneacha na hÉireann II: Cill i logainmneacha Co. Thiobraid Árann*. Baile Átha Cliath.
- Tempan, Paul, 2008: 'Towards a chronology of topographical elements in Irish place-names: some strategies for establishing relative chronology', 23rd International Congress of Onomastic Studies, held at York University, Toronto, 943-51. Ar fáil ag http://pi.library.yorku.ca/dspace/bitstream/handle/10315/4037/icos23_943.pdf?sequence=1 [rinneadh rochtain ar 02/02/11].
- Toner, Gregory, 1999: 'The definite article in Irish place-names' *Nomina* 22, 5–24.

LIAM Ó HAISIBÉIL

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.